COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil, 23.5.2007
COIM(2007) 265 críochnaitheach

2007/0099 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le comhrialacha le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar**

**(athmhúnlú)**

(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)

{SEC(2007) 635}
{SEC(2007) 636}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 1.1. Inspreagadh agus cuspóirí an togra

Is iad Treoir 96/26/CE maidir le ligean isteach do ghairm an oibreora iompair bóthair, Rialachán (CEE) Uimh. 881/92, Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93, Rialachán (CEE) Uimh. 684/92, agus Rialachán (CE) Uimh. 12/98 maidir le rochtain ar an margadh iompair bóthair na colúin is buntaca do mhargadh idirnáisiúnta an mhargaidh inmheánaigh iompair bóthair.

Is é an creat reachtaíochta seo a cheadaigh forbairt chothrom ar an margadh inmheánach. Thug an Treoir caighdeáin cháiliúcháin íosta isteach ar gá teacht leo chun teacht isteach sa ghairm, agus is iad na ceithre Rialachán a léirscaoil tarlú bóthair idirnáisiúnta agus seirbhísí ócáideacha do phaisinéirí agus a chuir ar bun iomaíocht rialaithe idir seirbhísí tráthrialta do phaisinéirí agus d'oibríochta tarlaithe cabatáiste ag carraeirí neamhchónaitheacha. Tá dul chun cinn agus éagsúlú déanta ag oibreoirí maidir lena gcuid seirbhísí atá ag freagairt do riachtanais chustaiméirí ar bhealach níos oiriúnaí i ndáil le seirbhísí díreach-in-am nó speisialaithe. Tá an earnáil ina hiomlán tar éis tosú ag gluaiseacht i dtreo comhdhlúthaithe i margadh atá go seasta ag fairsingiú.

Is léir ón taithí atá faighte go bhfuil míchothromas maidir le cur chun feidhme agus le cur i bhfeidhm bearta áirithe den chreat reachtaíochta seo de bharr forálacha míshoiléire nó neamhiomlána dlí. Ó thaobh iompar lasta de bhóthar, is amhlaidh atá maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 881/92, Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 agus Treoir 2006/94/CE (ar códú na Chéad Treorach ón gComhairle den 23 Iúil 1962 é). Maidir le gnéithe áirithe, bíonn ar tharlóirí bóthair aghaidh a thabhairt ar rialacha náisiúnta difriúla agus ar leibhéal éiginnteachta dlíthiúla, cúinsí a bhéarfaidh leo go bhféadfadh costas breise a bheith orthu nuair a oibríonn siad i mBallstáit éagsúla.

Dá bhrí sin, is chun soiléireacht, inléiteacht agus infhorfheidhmitheacht na rialacha reatha a fheabhsú atá na rialacháin seo á n-athmhúnlú.

### 1.2. Comhthéacs ginearálta

Deimhníonn Rialachán (CEE) Uimh. 881/92 saoirse iompair idirnáisiúnta earraí de bhóthar ar fruiliú agus ar luaíocht do na gnóthais a bhfuil ceadúnas Comhphobail acu agus aithníonn an chéad Treoir ón gComhairle oibríochtaí áirithe iompair a bheidh díolmhaithe ó gach sórt údaraithe. Ceadaíonn Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 do ghnóthais a bhfuil ceadúnas Comhphobail arna dheonú ag Ballstát acu seirbhísí tarlaithe bóthair a chur ar fáil taobh istigh de Bhallstáit eile ar choinníoll go ndéanfar an tseirbhís seo a chur ar fáil ar bhonn sealadach. Ní féidir ceadúnais Chomhphobail a sheachadadh ach do ghnóthais atá bunaithe i mBallstát agus a shásaíonn na coinníollacha íosta maidir le dea-cháil, seasamh airgeadais agus inniúlacht ghairmiúil de réir Threoir 96/26/CE.

Bhí sé fógartha ag an gCoimisiún sa chlár reachtaíochta do 2006 go raibh sé de rún aige iniúchadh níos mine a dhéanamh ar na rialacha seo agus dá mba ghá iad a dhéanamh níos simplí agus níos soiléire agus a bhforfheidhmiú a dhéanamh níos éasca. I ndiaidh staidéir éagsúla, comhairliúchán poiblí agus measúnú iarmharta a dhéanamh, feictear gur eascair neamhréireachtaí, deacrachtaí maidir le cur i bhfeidhm agus ualaí riaracháin neamhriachtanacha as an easpa soiléireachta nó as an neamhiomláine sna réimsí seo a leanas:

– raon feidhme an Rialacháin maidir le hiompair ag tarlóirí Comhphobail chuig tríú tíortha nó uathu;

– deacrachtaí coincheap an chabatáiste shealadaigh a chur i ngníomh; in ainneoin cumarsáid léirmhínithe arna foilsiú i 2005 ar bhonn an tsainmhínithe ar "sealadach" a rinne Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach i dtaca le saoirse sheirbhísí, tá deacrachtaí fós ann agus tá claonadh ag Ballstáit rialacha a chur i ngníomh atá éagsúil lena chéile, ar deacair iad a chur i bhfeidhm nó a ghabhann ualach breise riaracháin leo;

– neamhéifeachtúlacht an mhalartaithe faisnéise idir Bhallstáit cé gur foráladh di cheana féin sna rialacha reatha; is mar gheall air sin nach móide go bhfuil baol ann do ghnóthais a bhíonn ag oibriú ar chríoch Bhallstáit seachas Ballstát a mbunaíochta go bhforchuirfí smachtbhannaí riaracháin orthu, agus dá bhrí sin d'fhéadfaí an iomaíocht a shaobhadh idir na gnóthais sin is lú a bheadh claonadh orthu na rialacha a chomhlíonadh agus na gnóthais eile;

– ilchineálacht na ndoiciméad rialaithe éagsúla (ceadúnas Comhphobail, cóipeanna deimhnithe agus fianuithe tiománaithe), rud a chruthaíonn fadhbanna le linn seiceálacha cois bóthair agus is cúis go minic le caillteanas ama nach beag d'oibreoirí.

### 1.3. Na forálacha atá i bhfeidhm i réimse an togra

Tá sé d'aidhm ag an togra Rialachán (CEE) Uimh. 881/92, Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 agus Treoir 2006/94/CE a athbhreithniú agus a chomhdhlúthú.

### 1.4. Comhchuibheas le polasaithe agus le cuspóirí eile an Aontais

Cuireann an togra feabhas ar éifeachtúlacht an mhargaidh inmheánaigh tarlaithe de bhóthar tríd an gcinnteacht dhlíthiúil a fheabhsú, trí ghearradh siar ar chostais riaracháin agus trí iomaíocht níos córa a éascú. Cuireann sé ar chumas custaiméirí iompair bóthair, agus dá réir ar chumas an gheilleagair ina iomláine, ag féachaint don ról tábhachtach atá ag iompar bóthair i slabhraí soláthair agus dáileacháin thionscal na hEorpa, níos mó buntáistí a bhaint as an margadh inmheánach. Rannchuidíonn sé dá dheasca sin le cuspóirí straitéis Liospóin a bhaint amach trí iomaíochas na hEorpa a neartú.

Rannchuidíonn an Rialachán nua go hindíreach le sábháilteacht ar bhóthare a fheabhsú trí mhonatóireacht níos éifeachtúla a dhéanamh ar ghnóthais a oibríonn i mBallstáit éagsúla.

Tagann an togra faoin gclár "rialáil níos fearr" agus tá sé i gcomhréir le gealltanas a rinne an Coimisiún an *acquis* a shimpliú agus a uasdátú. Tugadh aird ar leith do shimpliú agus do bhreis chomhtháthaithe a dhéanamh idir na forálacha dlíthiúla de Rialachán (CEE) Uimh. 881/92, de Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 leis na cinn atá san athmhúnlú atá molta ar Threoir 96/26/CE ag leagan síos na bunchoinníollacha maidir le húdarú don ghairm agus don fhaireachán a dhéanfar orthu.

## 2. COMHCHOMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS ANAILÍS IARMHARTA.

### 2.1. Comhchomhairliúchán le páirtithe leasmhara

*Modhanna comhairliúcháin a úsáidtear, príomhearnálacha lena mbaineann agus próifíl ghinearálta na bhfreagróirí*

Sula ndeachthas i mbun an togra seo a dhréachtú, rinneadh beart comhairliúcháin phoiblí chun a liacht tuairimí agus moltaí agus ab fhéidir a bhailiú ó na daoine aonair agus ó na comhlachtaí lena mbaineann. Baineadh úsáid sa chomhairliúchán sin, arna chomheagrú leis an gceann a bhain le ligean isteach don ghairm, as ceistneoir arna foilsiú ar an idirlíon agus a

cuireadh chuig na heagraíochtaí uile a dhéanann ionadaíocht do na príomhpháirtithe leasmhara ag leibhéal náisiúnta nó Eorpach.

Fuair an Coimisiún 67 aighneacht ó údaráis náisiúnta, ó chomhlachais náisiúnta agus idirnáisiúnta oibreoirí bóthair, ó úsáideoirí, ó fhostaithe nó ó ghrúpaí leasmhara éagsúla agus cuideachtaí aonair. Phléigh an Coimisiún na saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu san athmhúnlú seo faoi chuimsiú an agallaimh shóisialta leis na páirtithe sóisialta ar 5 Meán Fómhair 2006. Ar 7 Samhain 2006 tionóladh cruinniú comhairliúcháin le páirtithe leasmhara sa Bhruiséil ar ghlac toscaireachtaí ó 42 eagras a rinne ionadaíocht don tionscal móide 37 mbhreathnóir ó riaracháin náisiúnta páirt ann.

*Sintéis de na freagraí a fuarthas agus den mhodh ar cuireadh san áireamh iad*

Go ginearálta, bhí na freagróirí den tuairim go raibh gá le breis simplithe agus soiléirithe ar an gcreat rialaitheach reatha le haghaidh an mhargaidh iompair bóthair. Gné amháin den scéal ar tugadh suntas di arís agus arís eile an gá na rialacha reatha, go háirithe iadsan a bhaineann le rochtain ar an margadh tarlaithe bóthair a bheith inchurtha i bhfeidhm ar mhodh níos éasca agus níos éifeachtúla. Ba léir go raibh na conclúidí seo a leanas le tarraingt as an gcomhairliúchán:

– Ba chóir go bhfanfaidh iompar earraí agus iompar paisinéirí de bhóthar de bheith á rialú ag dhá shraith faoi leith de rialacha. Tá dhá chineál éagsúla iompair ann agus braitheann páirtithe leasmhara nach bhfuil dóthain chosúlachtaí eatarthu lena n-ionramháil in aon téacs dlí amháin.

– Tá siad mórán ar aon tuairim gur gá míniú simplí, soiléir agus inchurtha i bhfeidhm a fháil ar chabatáiste. Maidir leis an réiteach iarbhír, ní haon iontas go bhfuil na freagraí an-éagsúil lena chéile. Tá go leor áfach ag tacú leis an gcur chuige cabatáiste a nascadh le turas idirnáisiúnta, ag seachaint ar an dóigh sin aistir gan lasta.

– Bhí go leor aighneachtaí inar dúradh gur gá na rialacha atá ann a chur chun feidhme i gceart agus gur gá iad a fhorfheidhmiú mar is cuí. Ba chóir go mbeadh comhoibriú níos fearr idir údaráis forfheidhmithe náisiúnta; chuige sin theastódh go gcuirfí ar bun clár d'oibrithe ceadúnaithe nó bunachar sonraí de cheadúnais Chomhphobail ar bhonn uile-AE.

– Tacaíodh go láidir freisin le moladh breis chaighdeánaithe a dhéanamh ar mhúnlaí an cheadúnais Comhphobail, na gcóipeanna deimhnithe agus an fhianaithe thiománaithe.

Tá achoimre ar na freagraí a fuarthas de bharr an chomhairliúcháin phoiblí, téacs iomlán na bhfreagraí aonair agus tuairisc ar éisteacht an 7 Samhain 2006 ar fáil ar an suíomh a leanas: http://ec.europa.eu/transport/road/consultations/road_market_en.htm

## 2.2. Fáil agus úsáid saineolais

Bhí comhchomhairliúchán na bpáirtithe leasmhara á thionlacan ag saineolaí neamhspleách, an tOllamh Brian Bayliss ón gCoiste Fiosrúcháin um Iompar Bóthair, a rinne, i mí Iúil 1994, tuarascáil chuimsitheach a chur le chéile maidir le cur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh i dtaca le hiompar bóthair agus maidir lena raibh fós le déanamh ina leith.

## 2.3. Anailís iarmharta

Chuimsigh an anailís iarmharta a rinneadh chun an togra seo a ullmhú an t-athmhúnlú ar na rialacha a bhaineann le ligean isteach don ghairm agus ar na rialacha a bhaineann le rochtain ar an margadh araon i bhfianaise na ndlúthnasc atá eatarthu agus i bhfianaise a bhforluití.

Tá an measúnúiarmharta bunaithe ar staidéir éagsúla a rinneadh i 2004, 2005 agus 2006[1]. Ba thoradh é ar chonradh a rinneadh le comhairleoir seachtrach. Le linn obair an chonartha, bhí aiseolas á sholáthar go seasta ón measúnú iarmharta lena chinntiú go raibh fionnachtana an mheasúnaithe iarmharta á gcur san áireamh san athmhúnlú molta. Cuireadh i bhfeidhm prionsabal na hanailíse comhréirí agus bhí an anailís dírithe ar na foirmeacha is suntasaí d'éifeachtaí iarmharta agus dáileacha.

Rinneadh measúnú ar chúig cinn de roghanna polasaí san iomlán:

1. D'fhágfadh an rogha "gan athrú" an reachtaíocht bhóthair atá ann faoi láthair mar atá sí agus bheadh na fadhbanna a léiríodh ag tús an doiciméid seo fós ann agus ar deireadh thiar rachadh siad fiú i ndonas.
2. Ní bheadh de thoradh ar an rogha "simpliú teicniúil agus neamhrialaitheach" ach go ndéanfaí rialachán amháin den dá rialachán agus den Treoir. Ba éasca é a chur i bhfeidhm ach ní réiteodh sé an fhadhb atá leis an míniú míshoiléir ar chabatáiste agus leis na rialacha náisiúnta éagsúla. Ansin ní bheadh le déanamh ach leasuithe substaintiúla chun doiciméid áirithe rialaithe a chaighdeánú. Laghdódh sé de bheagán costais riaracháin ach bheadh na príomhfhadhbanna arna n-aithint ag tús an doiciméid seo fós ann.
3. Rannchuideodh an rogha "comhchuibhiú" le hiomaíocht níos féaráilte, d'fheabhsódh sé géilliúntas i leith rialacha iompair de bhóthar agus d'ardódh sé meánleibhéal na gcáilíochtaí gairmiúla san earnáil. Bhéarfadh sé sainmhíniú soiléir agus inchurtha i bhfeidhm ar chabatáiste agus rialuithe, a bheag nó a mhór feabhsaithe, maidir le géilliúntas agus le forfheidhmiú. Bheadh costais riaracháin mórán mar an gcéanna ach thiocfadh laghdú ar chostais forfheidhmithe san fhadtéarma. Is dóigh go mbeidh tacaíocht fhorleathan ag an rogha polasaí seo.
4. D'ardódh an rogha "caighdeáin cháilíochta níos airde" chuig leibhéal níos airde fós na cáilíochtaí gairmiúla meánacha san earnáil agus d'fheabhsódh sé an acmhainn airgeadais atá aici. San fhadtéarma spreagfadh sé oibreoirí níos éifeachtacha, rud a thabharfadh sochair don gheilleagair ar fad. Sa ghearrthéarma, gabhann costais riaracháin breise leis a phionósódh gnóthais an-bheaga agus oibreoirí neamhspleácha. Tá an rogha polasaí seo níos conspóidí.
5. Leis an rogha "léirscaoileadh" bheadh an cabatáiste nach mór léirscaoilte go hiomlán. Laghdódh sin costais iompair sa ghearrthéarma ach ní gá go bhfeabhsódh sé éifeachtúlacht na hearnála iompair in éagmais réamh-chomhchuibhiú breise go háirithe sa réimse fioscach agus sóisialta. Agus gan chaighdeáin cháilíochta a chomhchuibhiú ag an leibhéal uachtarach (.i. ag cur rogha 4 i bhfeidhm) ar an gcéad dul síos, dhíbreodh sé oibreoirí níos éifeachtaí as an margadh. San fhadtéarma ní dhéanfadh sé aon difear tríd is tríd d'éifeacht mhargaidh mura mbeadh éifeacht dhiúltach aige air. Ghearrfaí siar ar jabanna i dtíortha áirithe dá gcuirfí an rogha polasaí seo i bhfeidhm. Na himpleachtaí fadraonacha curtha san áireamh, ní mór go ndéanfaí anailís i bhfad níos críochnúla, anailís a sháródh an creat simpliúcháin reatha.

I bhfianaise na dtorthaí seo is é Rogha 3 dá ngairtear an rogha "comchuibhiú" atá léirithe sa togra seo. Gabhann achoimre ar an measúnú iarmharta agus tuarascáil iomlán ar an measúnú iarmharta seo leis an togra seo. Taispeánann an measúnú iarmharta go laghdóidh an Rialachán

[1] Rinneadh staidéir ar fhianuithe tiománaithe (ECORYS), ar chabatáiste (COWI), ar ligean isteach don ghairm agus ar an Treoir um Am Oibre (TNO).

láithreach i gcomhcheangal leis an dá rialachán arna moladh ag an am céanna (maidir le hiompar paisinéirí agus maidir le ligean isteach don ghairm) an saobhadh ar an iomaíocht, go bhfeabhsóidh sé géilliúntas i leith rialacha sábháilteachta agus go gcuirfidh sé ar chumas na mBallstát costais riaracháin a laghdú thart ar €190 milliún in aghaidh na bliana.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ DEN TOGRA

### 3.1. Achoimre ar na bearta arna moladh

Déanann an togra comhdhlúthú ar an dá rialachán maidir le rochtain ar an margadh iompair bóthair agus an chéad Treoir ón gComhairle a dhíolmhaíonn iompar áirithe agus déanann aon rialachán amháin díobh. Soiléiríonn sé na forálacha dlí atá ann agus forlíonann iad ó thaobh gnéithe áirithe chun an comhchuibheas tríd is tríd a neartú agus chun feidhmiúchán éifeachtach a cinntiú. Tugann sé isteach na modhnuithe substaintiúla seo a leanas:

– Míniú soiléir agus inchurtha i bhfeidhm ar "chabatáiste" a cheadóidh suas le trí oibríocht iompair i ndiaidh turais idirnáisiúnta agus laistigh de sheacht lá agus an oibleagáid ar an sealbhóir doiciméid amhail litreacha coinsíneachtaí a thaispeánann an dáta agus an t-ionad teachta agus imeachta a choinneáil san fheithicil;

– formáid shimplithe agus chaighdeánaithe do cheadúnais Chomhphobail, do chóipeanna deimhnithe agus d'fhianuithe tiománaithe chun an t-ualach riaracháin agus an mhoill a laghdú go háirithe ag seiceálacha cois bóthair;

– na forálacha dlí reatha a fheabhsú trí cheangal a chur ar Bhallstát dul i mbun gnímh nuair atá iarrtha air ag Ballstát eile, nuair a sháraíonn tarlóir, ar sheachaid sé ceadúnas Comhphobail air, dlí sa Bhallstát bunaíochta nó i mBallstát eile. Ba chóir gur i bhfoirm rabhaidh ar a laghad a bheadh gníomh dá leithéid. Cuirtear nósanna imeachta feabhsaithe ar bun le haghaidh cumarsáide idir Ballstáit ag úsáid na bpointí teagmhála a socraíodh de bhun an Rialacháin nua maidir le ligean isteach do ghairm an oibreora iompair bóthair.

### 3.2. Bunús dlíthiúil

Tá an dréachtrialachán lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 881/92, Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 agus an chéad Treoir ón gComhairle ar 23 Iúil 1962 bunaithe ar Airteagal 71 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

### 3.3. Prionsabal na coimhdeachta

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta sa mhéid is nach dtiteann an togra laistigh d'inniúlacht eisiatach an Chomhphobail.

Is é príomhchuspóir an togra rialacha an Chomhphobail mar atá siad a shoiléiriú agus dá bhrí sin ní féidir leis na Ballstáit é a bhaint amach astu féin. Ina theannta sin tá an togra ag féachaint don mhalartú faisnéise atá ann idir na Ballstáit a fheabhsú, rud nach féidir le Ballstát a dhéanamh as féin agus nach féidir a dhéanamh ach ar mhodh déthaobhach idir dhá Bhallstát faoi leith.

Tá gá le gníomh Comhphobail mar sin ag cuimhneamh air nach féidir le Ballstát nó le grúpa Ballstát na fadhbanna arna n-aithint a réiteach go sásúil. Is mar gheall air sin go bhfuil an togra ag teacht le prionsabal na coimhdeachta.

### 3.4. Prionsabal na comhréireachta

Ní théann an togra thar a bhfuil gá leis chun na cuspóirí atá aige a bhaint amach agus urramaítear ann prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna a leanas:

– déileálann sé le hiompar idirnáisiúnta a dteastaíonn cur chuige rúrach lena aghaidh, cur chuige a cheadaíonn feidhmiúchán aonghnéitheach agus foráiltear ann d'iomaíocht chóir;

– i gcás sáruithe tromchúiseacha nó sraith de mhionsáruithe, cuireann an togra ceangal ar Bhallstáit rabhadh a eisiúint ach fágann sé faoi na Ballstáit féin a chinneadh cén uair ba chóir ceadúnais Chomhphobail, cóipeanna deimhnithe nó fianuithe tiománaithe a tharraingt siar.

### 3.5. Rogha na n-ionstraimí

Is rialachán an ionstraim arna moladh de bhrí

(1) go mbaineann an t-athmhúnlú le réimsí a thagann faoi réir rialachán cheana féin, agus de bhrí

(2) nach raibh na hiarrachtaí a rinne an Comhphobal in 2005 na rialacha a bhí ann cheana maidir le cabatáiste a shoiléiriú trí mheán teachtaireachta i.e ní raibh gníomh neamhrialaitheach leordhóthanach chun saintréith shealadach an chabatáiste a shoiléiriú.

## 4. TIONCHAR BUISÉADACH

Ní rachaidh an togra i bhfeidhm ar bhuiséad an Chomhphobail.

## 5. TUILLEADH FAISNÉISE

### 5.1. Simpliú

Cuidíonn an togra le simpliú an *acquis*. Tá sé le fáil i gclár rolltach an Chomhphobail le haghaidh uasdátú agus simpliú an *'acquis communautaire'* agus i gclár reachtaíochta agus oibre dá chuid faoin tagairt 2006/TREN/42.

Sa togra seo, díothaíodh na bearta atá imithe as feidhm, agus an oiread agus ab fhéidir, rinneadh athscrúdú ar ábhar, ar chur i láthair agus ar fhoirmliú na rialachán le go dtuigfí níos éasca iad agus le mearbhall an léimh dhébhríoch a sheachaint.

Tá an togra seo ag teacht le comhaontú idirinstitiúideach an 28 Samhain 2001 i dtaca le cur chuige níos struchtúrtha ina dtéitear i muinín theicníocht athmhúnlú na n-achtanna dlí. Oibríodh amach í ar bhonn réamh-chomhdhlúthú ar an téacs arna dhéanamh trí mheán córas ríomhaireachta ag Oifig Fhoilseacháin Oifigiúla na gComhphobal Eorpach. Cuireadh uimhreacha nua leis na hairteagail agus tá an comhréireacht idir an córas nua agus an seanchóras uimhris léirithe i dtábla comhfhreagrais in Iarscríbhinn III den rialachán athmhúnlaithe.

### 5.2. Aisghairm na reachtaíochta láithrí

Is éard a thiocfaidh as an togra má ghlacfar leis go n-aisghairfear Rialachán (CEE) Uimh. 881/92, Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 agus Treoir 2006/94/CE, arb í a chódaigh le gairid an chéad Treoir ón gComhairle an 23 Iúil 1962.

## 5.3. An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Baineann an t-acht arna mholadh le hábhar LEE agus dá réir ba chóir go mbeadh feidhm aige i leith LEE.

## 5.4. Míniú mionsonraithe ar an togra

Déanann an togra seo comhdhlúthú ar Rialacháin (CEE) Uimh. 881/92 agus Uimh. 3118/93 maidir le rochtain ar an margadh iompair bóthair agus ar Threoir 2006/94/CE a dhíolmhaíonn oibríochtaí iompair áirithe agus a dhéanann aon rialachán amháin díobh. Soiléiríonn sé na forálacha dlí atá ann agus forlíonann iad ó thaobh gnéithe áirithe chun an comhchuibheas tríd is tríd a neartú agus chun feidhmiúchán éifeachtach a chinntiú.

Tugann an togra isteach na modhnuithe substaintiúla a leanas:

*Soiléiriú na scóipe, na sainmhínithe agus an phrionsabail*

In *Airteagal 1* soiléirítear an scóip. Beidh feidhm ag an rialachán i leith gach iompair idirnáisiúnta ar chríoch an Chomhphobail, lena n-áirítear iompar chuig tríú tíortha agus uathu, agus i leith seirbhísí náisiúnta tarlaithe a oibríonn tarlóir neamhchónaitheach ar bhonn sealadach ("cabatáiste"). Maidir le hiompar idirnáisiúnta chuig tríú tír nó uaithi tá sé sonraithe in Airteagal 1 nach mbeidh feidhm ag an Rialachán i leith na coda sin den turas a dhéantar laistigh den Bhallstát ina luchtaítear nó ina bhfolmhaítear a fhad is nach bhfuil comhaontú idir an Comhphobal agus an tríú tír atá i gceist. Beidh feidhm aige áfach laistigh de Bhallstát a thrasnaítear san idirthuras.

Ní dhíolmhaítear ó scóip an rialacháin ach oibríochtaí áirithe atá sainmhínithe go soiléir agus ar éigean a bhfuil baint acu le tráchtáil.

In *Airteagal 2* agus in *Airteagal 3* tugtar isteach na sainmhínithe nua ar "tarlóir neamhchónaitheach" agus ar "sárú tromchúiseach nó sraith de mhionsáruithe".

*Ceadúnais Chomhphobail agus fianuithe tiománaithe*

In *Airteagal 4* tugtar isteach forálacha nua a shonraíonn ar bhonn níos soiléire formáid an teastais Comhphobail. Déantar amhlaidh in *Airteagal 5* maidir le fianuithe tiománaithe. Tá múnlaí na ndoiciméad sin in Iarscríbhinní I agus II. Foráiltear sa dá Airteagal go mbeidh sé d'fhéidearthacht ag an gCoimisiún múnlaí na ndoiciméad sin a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil trí dhul ar iontaoibh an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá bhforáiltear le Cinneadh 1999/468/CE.

*Sainmhíniú agus rialú cabatáiste*

In *Airteagal 8* tugtar isteach sainmhíniú nua ar chabatáiste ina sonraítear ar bhealach níos mine an choinníoll gur "ar bhonn sealadach" a dhéantar an cabatáiste. Soiléirítear an tsaintréith shealadach trí theorainn a chur le méid na n-oibríochtaí cabatáiste agus leis an bhfráma ama a bhfuil siad le bheith déanta laistigh de. Beidh sé ceadaithe do tharlóirí suas le trí oibríocht chabatáiste a dhéanamh i ndiaidh iompair idirnáisiúnta ach na hearraí arna n-iompar i gcúrsa an iompair idirnáisiúnta isteach a bheith seachadta. Ba chóir na hoibríochtaí cabatáiste a dhéanamh laistigh de sheacht lá.

Beidh comhlachtaí forfheidhmithe in ann a sheiceáil ar bhealach níos éasca an bhfuil cabatáiste dlíthiúil trí bhreathnú ar na litreacha coinsíneachtaí CMR a chuireann in iúl dátaí luchtaithe agus folmhaithe an iompair idirnáisiúnta. Ar mhaithe na foirfeachta ainmnítear dá bhrí sin in Airteagal 8 an fhaisnéis is cóir a bheith doiciméadaithe agus ar fáil laistigh den fheithicil, lánfheasach faoi go bhfuil na sonraí sin sna litreacha coinsíneachtaí CMR a úsáidtear i ngach iompar idirnáisiúnta. Cheadódh an sainmhíniú sin mar shampla d'oibreoir

éifeachtach a bheadh i mbun iompair idirnáisiúnta tráthrialta earraíocht iomlán a bhaint as luchtú na feithicle agus líon na dturas fillte gan lasta a laghdú.

Ní chuireann Airteagal 8 cosc ar Bhallstáit rochtain breise ar a margadh tarlaithe intíre de bhóthar a dheonú de réir a gcuid reachtaíochta náisiúnta do tharlóirí atá bunaithe i mBallstát eile.

Ní thugtar ar aghaidh an fhoráil in Airteagal 8 de Rialachán 3118/93 maidir le bearta coimirce i gcás suaitheadh tromchúiseach i margadh iompair náisiúnta sa Rialachán nua athmhúnlaithe. Níor baineadh úsáid riamh as an bhforáil seo ón uair a osclaíodh margaidh náisiúnta le haghaidh cabatáiste ar 1 Eanáir 1994 agus dá bhrí sin meastar í a bheith iomarcach.

*Comhoibriú idir Ballstáit*

Cé gur foráladh cheana sna rialacháin atá ann do chúnamh frithpháirteach ó na Ballstáit is léir ón gcleachtadh nach ndearnadh dul chun cinn iomlán riamh ar an gcomhoibriú sin. Is i gcorrchás amháin a thuairiscigh an Ballstát inar tharla sáruithe arna ndéanamh ag tarlóirí taobh amuigh de Bhallstáit a mbunaíochta agus ní móide gur fhorchuir Ballstát na bunaíochta riamh smachtbhanna ar an tarlóir dá mbarr.

Chun malartú faisnéise a neartú agus a éascú idir údaráis náisiúnta beidh sé de cheangal ar na Ballstáit de réir *Airteagal 10* faisnéis a mhalartú trí mheán na bpointí teagmhála náisiúnta a chuirfear ar bun de bhun an Rialacháin maidir le ligean isteach do ghairm an oibreora iompair bóthair. Is comhlachtaí nó údaráis riaracháin sainithe iadsan ar a bhfuil an dualgas an malartú faisnéise a dhéanamh leo siúd sna Ballstáit eile a mbíonn a mhachasamhail de chúraimí orthu. Ordaítear freisin in *Airteagal 13* go gcláróidh Ballstáit ina gclár náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar na sáruithe tromchúiseacha uile agus na mionsáruithe arís is arís eile arna ndéanamh ag tarlóir dá gcuid féin agus arbh iad ba chúis leis an smachtbhanna arna fhorchur.

*Tarraingt siar ceadúnas Comhphobail agus malartú faisnéise*

Tá dhá bhealach ann chun na córais rialaithe agus faireacháin a mbaineann na Ballstáit áis astu faoi láthair a dhéanamh aonchineálach. An chéad cheann is ea na Ballstáit a chumasú sa chaoi is go mbeidh siad in ann smachtbhannaí athchomhairleacha a fhorchur ar tharlóirí neamhchónaitheacha a thrasnaíonn a gcríoch, mar shampla tríd an aitheantas frithpháirteach maidir leis an gceadúnas Comhphobail a tharraingt siar. D'fhéadfadh iompar idirdhealaitheach ar thaobh na n-údarás rialaithe teacht as an rogha seo agus b'fhéidir nach mbeadh sé ag teacht leis an tsaoirse chúrsaíochta. Bealach eile is ea cumas agus acmhainní na n-údarás náisiúnta atá údaraithe ceadúnas Comhphobail a eisiúint agus a tharraingt siar a threisiú. Sa togra láithreach i gcomhcheangail leis an athbhreithniú ar Threoir 96/26/CE, is é an dara bealach a gcloífear leis.

Dá dheasca sin, sa chás go ndéanann tarlóir sárú tromchúiseach nó sraith de mhionsáruithe ar reachtaíocht iompair Chomhphobail ar bhóithre, beidh sé de dhualgas ar údarás inniúil Bhallstáit bunaíochta an tarlóra rabhadh a eisiúint de réir *Airteagal 11*. Beidh feidhm ag an dualgas sin freisin má tá sárú dá leithéid déanta i mBallstát eile ag an tarlóir. De bhreis air sin soiléiríonn Airteagal 11 (1) na smachtbhannaí is féidir leis an mBallstát a fhorchur ar na tarlóirí atá bunaithe laistigh dá chríoch, eadhon aistarraingt (ar bhonn sealadach nó páirteach) cóipeanna deimhnithe den teastas Comhphobail nó an teastas Comhphobail féin nó fianuithe tiománaithe. Tá sé soiléirithe gur féidir le Ballstát ordú dícháilithe sealadach nó buan a fhorchur ar bhainisteoir iompair tarlóra freisin mar phionós.

Tugtar nós imeachta nua isteach in *Airteagal 12* a mbeidh an Ballstát a chinntíonn sárú atá déanta ag tarlóir neamhchónaitheach ag feidhmiú dá réir. Beidh mí amháin ag an mBallstát chun an fhaisnéis a chur i bhfios de réir íoschaighdeán formáide. Féadfaidh sé a iarraidh ar

Bhallstát na bunaíochta smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Beidh trí mhí ag Ballstát bunaíochta an tarlóra lena mbaineann chun an gníomh a leanann as a chur in iúl don Bhallstát eile.

*Iarscríbhinní*

Moltar go leor modhnuithe in Iarscríbhinní I agus II den Rialachán maidir le leagan amach na múnlaí le haghaidh an cheadúnais Comhphobail agus an fhianaithe tiománaithe. Ba chóir go gcuideodh na hathruithe seo chun na doiciméid rialaithe a chaighdeánú agus a n-inléiteacht a fheabhsú. Tá oiriúnuithe áirithe déanta ar an téacs atá sna doiciméid a léiríonn na hathruithe normatacha atá sa Rialachán nua.

*Forálacha gan athrú*

Ní thiocfaidh aon athrú ar shubstaint na bhforálacha seo a leanas, cé is moite de roinnt oiriúnuithe teicniúla:

Rialachán 881/92 – Airteagail 3 agus 7; Rialachán 3118/93 – gan aon athrú.

🡻 881/92
⇨ nua

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**[...]**

🡻 3118/93

⇩ nua

**maidir le comhrialacha le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar**

🡻 3118/93 (oiriúnaithe)

**(Téacs is ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 71 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún[1],

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 251 den Chonradh[4],

De bharr an mhéid seo a leanas:

[1] IO C […], […], lch. […].
[2] IO C […], […], lch. […].
[3] IO C […], […], lch. […].
[4] IO C […], […], lch. […].

⇩ nua

(1) Beifear ag déanamh roinnt athruithe substainteacha ar Rialachán (CEE) Uimh. 881/92 ón gComhairle an 26 Márta 1992 maidir le rochtain ar an margadh in iompar earraí de bhóthar laistigh den Chomhphobal go críoch Bhallstáit nó uaidh nó ag gabháil trí chríoch Bhallstáit amháin nó níos mó[5], ar Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 1993 ag leagan síos na gcoinníollacha faoina bhféadfaidh carraeirí neamhchónaitheacha seirbhísí náisiúnta iompair tharlaithe de bhóthar a oibriú laistigh de Bhallstát[6] agus ar Threoir 2006/94/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le comhrialacha a bhunú do shaghasanna áirithe iompair earraí de bhóthar[7]. Ar mhaithe leis an tsoiléireacht agus leis an simpliú, ba chóir na Rialacháin sin a athmhúnlú agus a ionchorprú in aon Rialachán amháin.

---

🡻 881/92 Aithris 1 (oiriúnaithe)

(2) Is éard a beidh i gceist le comhbheartas iompair, *inter alia*, go leagfar síos comhrialacha a bheidh infheidhme i leith rochtana ar an margadh idirnáisiúnta iompair earraí de bhóthar laistigh de chríoch an Chomhphobail, agus go leagfar síos freisin na coinníollacha faoinar féidir le tarlóirí neamhchónaitheacha seirbhísí iompair a oibriú laistigh de Bhallstát. Caithfear na rialacha sin a leagan síos ar dhóigh a rannchuideoidh le hoibriú réidh an mhargaidh iompair idirnáisiúnta.

---

🡻 3118/93 Aithris 1 (oiriúnaithe)

---

🡻 881/92 Aithris 2

(3) Mar chuid de na socruithe aonghnéitheacha seo le haghaidh rochtana ar an margadh beifear ag tabhairt isteach an tsaoirse seirbhísí a sholáthar trí dheireadh a chur leis na srianta arna gcur ar sholáthraí seirbhísí siocair a náisiúntachta nó siocair é bheith bunaithe i mBallstát seachas sin a mbeidh an tseirbhís á cur ar fáil.

---

⇩ nua

(4) Lena chinntiú go mbeidh creat comhtháite le haghaidh tarlú idirnáisiúnta de bhóthar ar fud an Chomhphobail beidh feidhm ag an Rialachán seo i leith gach iompar idirnáisiúnta ar chríoch Chomhphobail. Bíonn iompar idir Ballstáit agus tríú tíortha clúdaithe den chuid is mó le comhaontuithe déthaobhacha idir na Ballstáit agus na tríú tíortha sin. Dá bhrí sin níor chóir go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ar an gcuid

[5] IO L 95, 9.4.1992, lch. 1, Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 484/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 76, 19.3.2002, lch. 1.
[6] IO L 279, 12.11.1993, lch. 1, Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 484/2002.
[7] IO L 374, 27.12.2006, lch. 5

sin den turas a ghabhann trí chríoch Bhallstát an luchtaithe nó an fholmhaithe a fhad agus nach bhfuil na comhaontuithe idir an Comhphobal agus na tríú tíortha lena mbaineann tugtha chun críche. Ba chóir feidhm a bheith aige áfach laistigh de Bhallstát a thrasnaítear san idirthuras.

---

🡻 881/92 Aithris 3 (oiriúnaithe)

---

🡻 881/92 Aithris 4 (oiriúnaithe)

---

🡻 881/92 Aithris 5 (oiriúnaithe)

---

🡻 881/92 Aithris 6 (oiriúnaithe)

---

🡻 881/92 Aithris 7 (oiriúnaithe)

---

🡻 3118/93 Aithris 2 (oiriúnaithe)

---

🡻 3118/93 Aithris 3 (oiriúnaithe)

---

🡻 881/92 Aithris 9 (oiriúnaithe);
2006/94 Aithris 4 (oiriúnaithe)

(5) Faoi Threoir 2006/94/CE, tá líon áirithe cineálacha iompair díolmhaithe ó údarú an Chomhphobail agus ó aon údarú iompair eile. Laistigh den chreat maidir le heagrú an mhargaidh dá bhforáiltear sa Rialachán seo, caithfear córas díolmhaithe ón gceadúnas Comhphobail agus ó aon údarú iompair eile a choinneáil do roinnt de na cineálacha iompair sin, mar gheall ar a nádúr speisialta.

---

⇩ nua

(6) Faoi Threoir 2006/94/CE, tá iompar earraí ina n-úsáidtear feithiclí le huasmhais idir 3.5 tonna agus 6 tonna díolmhaithe ó cheanglas an cheadúnais Comhphobail. Féadfaidh go mbainfidh rialacha Comphobail i réimse an iompair earraí de bhóthar go ginearálta le feithiclí le huasmhais de 3.5 tonna nó níos mó. Dá bhrí sin, ba chóir forálacha an Rialacháin seo a ailíniú chuig raon feidhme ginearálta rialacha iompair bóthair an Chomhphobail agus gan díolúine a chur ar fáil ach d’fheithiclí le huasmhais atá faoi bhun 3.5 tonna.

↓ 881/92 Aithris 8 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(7) Caithfidh sealbhú ceadúnas Comhphobail saor ó chuóta a bheith ina choinníoll ar iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar. Ba chóir go mbeadh ceangal ar tharlóirí fíorchóip dheimhnithe den cheadúnas Comhphobail a iompar ar bord a gcuid feithiclí d'fhonn rialú éifeachtúil ag comhlachtaí forfheidhmithe go háirithe iadsan atá lasmuigh den Bhallstát ina bhfuil an tarlóir bunaithe a éascú. Chuige sin, is gá sonraíochtaí níos mionsonraithe a leagan síos maidir le leagan amach agus le gnéithe eile de cheadúnas an Chomhphobail agus de na cóipeanna deimhnithe.

---

↓ 881/92 Aithris 10 (oiriúnaithe)

(8) Ba chóir na coinníollacha lena rialaítear eisiúint agus tarraingt siar ceadúnas Comhphobail agus na cineálacha iompair lena mbaineann siad, a dtréimhsí bailíochta agus na rialacha mionsonraithe maidir lena n-úsáid a chinneadh.

---

⇩ nua

(9) Ba chóir freisin fianú do thiománaithe a chur ar bun lena cheadú do Bhallstáit a sheiceáil go héifeachtúil an bhfuil tiománaithe ó thríú tíortha fostaithe de réir dlí nó faoi réir an tarlóra atá freagrach as oibríocht iompair faoi leith.

---

↓ 3118/93 Aithris 4 (oiriúnaithe)
⇩ nua

(10) Ba chóir go mbeadh sé ceadaithe do charraeirí ar sealbhóirí ceadúnas Comhphobail dá bhforáiltear sa Rialachán seo iad agus do tharlóirí atá údaraithe catagóirí áirithe de sheirbhísí tarlaithe idirnáisiúnta a oibriú, seirbhísí iompair náisiúnta a sheoladh laistigh de Bhallstát gan oifig nó bunaíocht chláraithe eile a bheith acu ann.

---

↓ 3118/93 Aithris 5 (oiriúnaithe)

---

↓ 3118/93 Aithris 6 (oiriúnaithe)

---

↓ 3118/93 Aithris 7 (oiriúnaithe)

↓ 3118/93 Aithris 8 (oiriúnaithe)

⇩ nua

(11) Bhíodh seirbhísí iompair náisiúnta údaraithe ar bhonn sealadach. I gcleachtadh, bhí sé deacair a fháil amach cé na seirbhísí a bhí údaraithe. Dá bhrí sin, tá gá le rialacha a bheidh soiléir agus éasca le cur i bhfeidhm.

⇩ nua

(12) Bíonn feidhm ag forálacha Threoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 a bhaineann le hoibrithe a sheoltar do jabanna faoi chuimse chleachtas soláthar seirbhísí, i gcásanna ina seolann tarlóirí oibrithe atá fostaithe ar bhealach éigin ag na tarlóirí sin amach ón mBallstát ina mbíonn siad ag obair de ghnáth chun oibríochtaí cabatáiste a sholáthar[8].

↓ 2006/94 Aithris 1 (oiriúnaithe)

↓ 2006/94 Aithris 2 (oiriúnaithe)

↓ 2006/94 Aithris 3 (oiriúnaithe)

↓ 2006/94 Aithris 4 (oiriúnaithe)

↓ 2006/94 Aithris 5 (oiriúnaithe)

↓ 3118/93 Aithris 9 (oiriúnaithe)

(13) Tá sé inmhianaithe go dtabharfadh Ballstáit cúnamh frithpháirteach dá chéile d'fhonn cur i bhfeidhm iontaofa an Rialacháin a chinntiú.

[8] IO L 18, 21.1.1997, lch. 1.

⇩ nua

(14) Ba chóir foirmiúlachtaí riaracháin a laghdú a mhéid is féidir gan na rialuithe agus na smachtbhannaí a ráthaíonn cur i bhfeidhm ceart agus forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a thréigean. Chuige seo, ba chóir na rialacha láithreacha a bhaineann le tarraingt siar ceadúnais Comhphobail a shoiléiriú agus a neartú. Ba chóir na rialacha reatha a oiriúnú chun go bhféadfaí smachtbhannaí éifeachtacha a fhorchur i gcás sáruithe tromchúiseacha nó sraith de mhionsáruithe a dhéantar i mBallstát seachas i mBallstát na bunaíochta. Níor chóir go ndéanfadh na smachtbhannaí aon leatrom agus beidh siad i gcomhréir le tromchúiseacht na sáruithe. Ba chóir córas a bheith i bhfeidhm chun achomharc a dhéanamh i leith aon sárú arna fhorchur.

(15) Ba chóir go ndéanfadh Ballstáit na sáruithe tromchúiseacha go léir agus na sraitheanna de mhionsáruithe arna ndéanamh ag tarlóirí agus ba bhun le forchur smachtbhanna a thaifeadadh ina gclár náisiúnta de ghnóthais iompair bóthair.

(16) D'fhonn malartú na faisnéise idir údaráis náisiúnta a neartú agus a éascú, ba chóir go ndéanfadh Ballstáit an fhaisnéis iomchuí a mhalartú trí na pointí teagmhála náisiúnta a cuireadh ar bun de bhun Rialachán (CE) Uimh. xx/xxxx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [dáta] [*lena mbunaítear comhrialacha maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair bóthair a chleachtadh*][9].

(17) Ba chóir na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur i ngníomh a ghlacadh de réir Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún[10].

(18) Go háirithe, ba chóir cumhacht a thabhairt don Choimisiún Iarscríbhinní I agus II a oiriúnú d'ascnamh teicniúil. Ó tharla go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur le haghaidh míreanna neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú a ceapadh iad ba chóir iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus a leagtar síos in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

(19) Ar fhorais éifeachtúlachta, ba chóir na gnáth-thréimhsí ama don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a chiorrú le go nglacfaí na bearta sin.

(20) Ba chóir do Bhallstáit na bearta is gá a ghlacadh chun an Rialachán seo a chur i ngníomh, go háirithe i dtaca le smachtbhannaí a bheadh éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach.

(21) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an ghnímh atá le glacadh a ghnóthú go leordhóthanach agus dá bhrí sin, gur fearr, de bharr fhairsinge agus iarmhairtí an Rialacháin, is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach.

---

9 IO L […], […], lch. […].

10 IO L 184, 17.7.1999, lch. 23. Cinneadh arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

🡻 881/92 (oiriúnaithe)

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I: Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*
*Scóip*

🡻 881/92 (oiriúnaithe)
⇨ nua

1. Beidh feidhm ag an Rialachán i leith iompair idirnáisiúnta earraí de bhóthar ar fruiliú nó ar luaíocht le haghaidh turas a dhéanfar laistigh de chríoch an Chomhphobail.

2. I gcás iompair ó Bhallstát chuig tríú tír agus vice versa, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an gcuid sin den turas ar chríoch an Bhallstáit arna trasnú in idirthuras. Ní bheidh feidhm aige i leith na coda sin den turas a dhéanfar taobh istigh de chríoch Bhallstát an luchtaithe nó an fholmhaithe, a fhad agus nach bhfuil an comhaontú is gá idir an gComhphobal agus na tríú tír lena mbaineann tugtha chun críche.

3. Ag feitheamh ar chur i gcrích na gcomhaontuithe dá dtagraítear i mír 2 idir an Comhphobal agus na tríú tíortha lena mbaineann, ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear:

(a) d'fhorálacha a bhaineann le hiompar ó Bhallstát chuig tríú tír agus vice versa atá cuimsithe i gcomhaontuithe déthaobhacha arna gcomhaontú ag Ballstáit leis na tríú tíortha sin;

(b) d'fhorálacha a bhaineann le hiompar ó Bhallstát chuig tríú tír agus vice versa atá cuimsithe i gcomhaontuithe déthaobhacha arna gcomhaontú idir Ballstáit a cheadaíonn luchtú agus folmhú i mBallstát ag tarlóirí nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát sin, bíodh sé faoi údaraithe déthaobhacha nó faoi shocruithe léirscaoilte.

Déanfaidh Ballstáit, áfach, na comhaontuithe dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír a oiriúnú chun a chinntiú go gcomhlíonfar prionsabal na neamh-idirdhealaitheachta idir tarlóirí Comhphobail.

⇩ nua

4. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hiompar náisiúnta earraí de bhóthar a dhéanann tarlóir neamhchónaitheach ar bhonn sealadach dá bhforáiltear i gCaipidil III.

🡻 2006/94 (oiriúnaithe)
⇨ nua

5. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na cineálacha iompair seo a leanas ná maidir le turais neamhualaithe a dhéantar in i gcomhar leis an iompar sin.

🡻 2006/94 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(a) iompar poist mar sheirbhís phoiblí:

(b) iompar feithiclí a ndearnadh damáiste dóibh nó a chlis:

(c) iompar earraí i mótarfheithiclí nach dtéann a meáchan ualaithe ceadaithe, lena n-áirítear leantóirí thar 3.5 tonna:

(d) iompar earraí i mótarfheithiclí ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha a leanas comhlíonta:

(i) caithfidh gur leis an ngnóthas na hearraí nó caithfidh gurb é an gnóthas a dhíol, a cheannaigh, a lig amach ar fruiliú nó a d'fhruiligh, a chuir ar fáil, a bhain, a phróiseáil nó a dheisigh iad;

(ii) caithfidh gurb é cuspóir an turais earraí a iompar go dtí agus ón ngnóthas nó iad a bhogadh laistigh den ghnóthas nó taobh amuigh dó ar mhaithe lena riachtanais féin;

(iii) caithfidh gurb iad fostaithe sa ghnóthas a thiomáinfidh mótarfheithiclí a úsáidtear le haghaidh a leithéid d'iompar;

(iv) caithfidh go mbeidh na feithiclí a iompraíonn na hearraí faoi úinéireacht an ghnóthais nó a bheith ceannaithe ar théarmaí iarchurtha nó fruilithe aige ar choinníoll más amhlaidh an cás go dtagann siad le coinníollacha Threoir 2006/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11].

(v) caithfidh nach mbeidh san iompar sin ach gníomh coimhdeach i dtaca le mórghníomhaíochtaí an ghnóthais.

(e) iompar táirgí leighis, gléasanna, trealamh agus rudaí eile a mbíonn call leo le haghaidh cóir leighis i gcás faoisimh éigeandála, go háirithe i gcás tubaistí nádúrtha.

Ní bheidh feidhm pointe (d) (iv) den chéad fhomhír maidir le húsáid feithicle ionadaí le linn cliseadh gearr ar an bhfeithicil a mbaintear úsáid aisti de ghnáth.

---

🡻 2006/94 (oiriúnaithe)

6. Ní dhéanfaidh na forálacha i mír 5 difear do na coinníollacha faoina n-údaraíonn aon Bhallstát le náisiúnaigh dá chuid féin dul i mbun na ngníomhaíochtaí arna luadh sa mhír sin.

---

🡻 2006/94 Airt. 3 (oiriúnaithe)

---

[11] IO L 33, 4.2.2006, lch. 82.

↓ 881/92 Airt. 2 (oiriúnaithe)

*Airteagal 2*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo:

(1) ciallaíonn *'feithicil'* mótarfheithicil arna clárú i mBallstát nó cónasc feithiclí cúpláilte a bhfuil an chuid is mótarfheithicil de ar a laghad cláraithe i mBallstát agus a bhaintear úsáid astu go heisiatach le haghaidh iompar earraí;

(2) ciallaíonn *"iompar idirnáisiúnta"*:

(a) turas ualaithe a dhéanann feithicil a bhfuil a pointe tosaigh agus a ceann scríbe in dhá Bhallstát éagsúla, le hidirthuras nó gan idirthuras trí Bhallstát nó trí thríú tír amháin nó níos mó;

(b) turas ualaithe a dhéanann feithicil ó Bhallstát chuig tríú tír na vice versa, le hidirthuras nó gan idirthuras trí Bhallstát nó trí thríú tír amháin nó níos mó;

(c) turas ualaithe a dhéanann feithicil idir tríú tíortha, le hidirthuras trí chríoch Bhallstáit amháin nó níos mó;

(d) turas neamhualaithe i gcomhar le hiompar dá dtagraítear in (a), (b) agus (c);

⇩ nua

(3) ciallaíonn *"Ballstát ósta"* Ballstát ina n-oibríonn tarlóir seachas an Ballstát ina bhfuil an tarlóir bunaithe:

(4) ciallaíonn *"tarlóir neamhchónaitheach"* gnóthas tarlaithe bóthair a oibríonn i mBallstát ósta:

↓ 484/2002 Airt. 1.1 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(5) ciallaíonn *'tiománaí'* aon duine a thiomáineann an fheithicil fiú más ar feadh tréimhse gearr é, nó a iompraítear i bhfeithicil mar chuid dá dhualgais le go mbeidh fáil air mar thiománaí más gá:

⇩ nua

(6) ciallaíonn *"oibríochtaí cabatáiste"* iompar náisiúnta ar fruiliú nó ar luaíocht a dhéantar ar bhonn sealadach i mBallstát ósta:

(7) ciallaíonn *"sárú tromchúiseach nó sraith de mhionsáruithe ar reachtaíocht iompair bóthair an Chomhphobail"* sáruithe a gcailltear dea-cháil dá mbarr de réir Airteagal 6(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. [*lena mbunaítear comhrialacha*

*maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair bóthair a chleachtadh*].

---

⬇ 881/92 (oiriúnaithe)

## Caibidil II: Iompar idirnaisiúnta

*Airteagal 3*
*Prionsabal*

---

⬇ 484/2002 Airt. 1.2(a) (oiriúnaithe)

Is faoi réir ceadúnais Comhphobail, agus más náisiúnach an tiománaí de thríú tír, i dteannta fianaithe tiománaí Comhphobail, a dhéantar iompar idirnáisiúnta.

---

⬇ 881/92 (oiriúnaithe)

*Article 4*
*Ceadúnas Comhphobail*

---

⬇ 881/92 Airteagal 3 (2) (oiriúnaithe)

1. Déanfaidh Ballstát an ceadúnas Comhphobail a eisiúint, de réir an Rialacháin seo, chuig tarlóir ar bith a iompraíonn earraí de bhóthar ar fruiliú nó ar luaíocht agus:

(a) atá bunaithe i mBallstát de réir reachtaíocht Chomhphobail agus de réir reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit sin;

(b) atá i dteideal iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar a dhéanamh i mBallstát na bunaíochta, de réir reachtaíochta Comhphobail agus de réir reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit i dtaca le ligean isteach do ghairm an oibreora tarlaithe de bhóthar chun iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar a dhéanamh.

---

⬇ 484/2002 Airt. 1.3 (oiriúnaithe)

---

⬇ 881/92 (oiriúnaithe)
⇨ nua

2. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit bunaíochta an ceadúnas a eisiúint ar feadh tréimhse inathnuaite cúig bliana. Fanfaidh ceadúnais Chomhphobail agus cóipeanna deimhnithe díobh arna n-eisiúint roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo bailí go dtí dáta a n-éagtha.

3. Eiseoidh an Ballstát bunaíochta bunchóip an cheadúnais Comhphobail don sealbhóir, ar bunchóip í a choinneoidh an gnóthas tarlaithe agus beidh líon na bhfíorchóipeanna deimhnithe i gcomhréir le líon na bhfeithiclí atá ar láimh shealbhóir an cheadúnais Comhphobail, bíodh siad faoi úinéireacht iomlán nó, mar shampla faoi réir conarthaí fruilcheannaigh, fruilithe nó léasaithe.

4. Beidh an teastas Comhphobail agus na fíorchóipeanna deimhnithe i gcomhréir leis an múnla arna leagan amach in Iarscríbhinn I, ina leagtar síos freisin na coinníollacha a bhfuil a úsáid faoina réir.

Glacfaidh an Coimisiún le hIarscríbhinn I d'ascnamh teicniúil. Ós rud é gur ceapadh na bearta seo chun míreanna neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 14 (2).

---

⇩ nua

5. Beidh stampa greanta nó séala an údaráis eisiúna mar aon le síniú bunaidh agus sraithuimhir ar an gceadúnas Comhphobail agus ar na cóipeanna deimhnithe de. Beidh sraithuimhreacha an cheadúnais Chomhphobail agus na bhfíorchóipeanna deimhnithe ar taifead i gclár leictreonach náisiúnta gnóthas iompair bóthair dá bhforáiltear in Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. xx/xxxx [*lena mbunaítear comhrialacha maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair bóthair a chleachtadh*] mar chuid de shraith sonraí an tarlóra.

---

🡻 881/92 (oiriúnaithe)
⇨ nua

6. Is in ainm an tarlóra a bheidh an ceadúnas Comhphobail déanta amach. Ní aistreoidh an tarlóir é go dtí aon tríú páirtí. Coinneofar fíorchóip dheimhnithe den cheadúnas Comhphobail i ngach ceann d'fheithiclí an tarlóra agus ní mór iad a thabhairt ar aird cibé uair a bheidh siad ag teastáil ó oifigeach cigireachta údaraithe.

---

🡻 881/92 Iarscríbhinn I, dara leathanach, 7ú mír, 2ú agus 3ú habairt (oiriúnaithe)

I gcás cónasc feithiclí cúpláilte beidh an fhíorchóip dheimhnithe ag gabháil leis an mótarfheithicil. Clúdóidh sé an cónasc feithiclí cúpláilte fiú mura bhfuil an leantóir nó an leathleantóir cláraithe nó údaraithe chun na bóithre a úsáid in ainm shealbhóir an cheadúnais nó má tá sé cláraithe nó údaraithe chun na bóithre i mBallstát eile a úsáid.

---

🡻 484/2002 Airt. 1.4 (oiriúnaithe)

| |
|---|
| 🡣 484/2002 Airt. 1.2(b); 1.5 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

*Airteagal 5*
*Fianuithe Tiománaithe*

1 Eiseoidh Ballstát fianú tiománaí de réir an Airteagail seo d'aon tarlóir:

(a) is sealbhóir ceadúnais Comhphobail;

(b) a fhostaíonn sa Bhallstát sin ar bhonn dlíthiúil tiománaithe ar náisiúnaigh iad de thríú tíortha nó a bhaineann úsáid ar bhonn dlíthiúil as tiománaithe ar náisiúnaigh iad de thríú tíortha a gcuirtear ar a láimh aige de réir na gcoinníollacha fostaíochta agus oiliúna gairmiúla atá leagtha síos sa Bhallstát céanna:

(i) le dlíthe, le rialacháin nó le forálacha riaracháin, agus, de réir an cháis;

(ii) le comhaontuithe tiomsaitheacha, de réir na rialacha atá infheidhme sa Bhallstát sin.

2. Déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát bunaíochta an ghnóthais iompair fianú tiománaí a eisiúint ar iarratas ó shealbhóir an cheadúnais Comhphobail le haghaidh gach tiománaí ar náisiúnach é de thríú tír atá fostaithe ag an tarlóir ar bhonn dlíthiúil nó a chuirtear ar láimh aige ar bhonn dlíthiúil. Deimhneoidh fianú gach tiománaí go bhfuil an tiománaí atá ainmnithe ann fostaithe de réir na gcoinníollacha arna leagan sios i mír 1.

3. Beidh fianuithe tiománaithe i gcomhréir leis an múnla atá leagtha amach in Iarscríbhinn II.

4. Déanfaidh an Coimisiún Iarscríbhinn II d'ascnamh teicniúil a oiriúnú. Ós rud é gur ceapadh na bearta seo chun míreanna neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 14(2).

5. Beidh stampa greanta nó séala an údaráis eisiúna mar aon le síniú bunaidh agus sraithuimhir ar fhianú tiománaí agus ar na cóipeanna deimhnithe de. Beidh sraithuimhir fhianú an tiománaí ar taifead i gclár leictreonach náisiúnta gnóthas iompair bóthair dá bhforáiltear in Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. xx/xxxx [*lena mbunaítear comhrialacha maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair bóthair a chleachtadh*] mar chuid de shraith sonraí an tarlóra a chuirfidh an céanna ar fáil don tiománaí a ainmneofar ann.

6. Is é an tarlóir a bheidh ina úinéir ar fhianú an tiománaí agus is é a chuirfidh ar láimh an tiománaí atá ainmnithe ann é nuair a thiomáineann an tiománaí sin feithicil ag baint úsáide as ceadúnas Comhphobail arna eisiúint don tarlóir sin. Coinneofar ag áitreabh an tarlóra fíorchóip dheimhnithe d'fhianú an tiománaí, ar fianú é a bheidh eisithe ag údaráis inniúla Bhallstát bunaíochta an tarlóra. Tabharfar fianú an tiománaí ar aird aon uair a cheanglóidh oifigeach cigireachta údaraithe déanamh amhlaidh.

7. Eiseofar fianú tiománaí ar feadh tréimhse a bheidh le cinneadh ag Ballstát a eisithe faoi réir uastréimhse bailíochta chúig bliana. Fanfaidh fianuithe tiománaithe arna n-eisiúint roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo bailí go dtí dáta a n-éagtha.

Ní bheidh fianú tiománaí bailí ach a fhad is go gcomhlíontar na coinníollacha faoina n-eisítear é. Glacfaidh Ballstáit na bearta is iomchuí chun a chinntiú go dtabharfaidh an tarlóir an fianú ar ais do na húdaráis eisiúna láithreach mura gcomhlíontar na coinníollacha sin a thuilleadh.

---

| ↓ 881/92 Airt. 7 (oiriúnaithe)<br>➔1 484/2002 Airt. 1.6 |
|---|

*Airteagal 6*

*Fíorú coiníollacha*

Aon uair a thaisctear iarratas ar cheadúnas Comhphobail, fíoróidh údaráis inniúla an Bhallstáit bunaíochta tráth nach déanaí ná cúig bliana i ndiaidh an eisithe agus ina dhiaidh sin gach cúig bliana ar a laghad, an bhfuil an tarlóir ag comhlíonadh nó an bhfuil sé fós ag comhlíonadh na coinníollacha arna leagan síos in Airteagal 4 (1).

---

| ↓ 484/2002 Airt. 1.6 |
|---|

2. Fíoróidh údaráis inniúla an Bhallstáit bunaíochta go tráthrialta, trí sheiceálacha a dhéanamh gach bliain a fholóidh ar a laghad 20% de na fianuithe bailí a eiseofar sa Bhallstát sin, an bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 5 (1) faoina mbeidh fianú tiománaí eisithe comhlíonta i gcónaí.

---

| ↓ 484/2002 Airt. 1.7 (oiriúnaithe) |
|---|

*Airteagal 7*

*Eisiúint ceadúnas Comhphobail agus fianuithe tiománaithe a dhiúltú agus iad a tharraingt siar*

1. Mura bhfuil na coinníollacha arna leagan síos in Airteagal 4 (1) nó iadsan dá dtagraítear in Airteagal 5 (1) comhlíonta, diúltóidh mBallstát na bunaíochta iarratas ar eisiúint nó ar athnuachan ceadúnas Comhphobail nó fianú tiománaithe trí chinneadh ina luafar na fáthanna atá leis.

2. Tarraingeoidh na húdaráis inniúla ceadúnas Comhphobail nó fianú tiománaithe siar:

(a) mura gcomhlíonann an sealbhóir níos mó na coinníollacha arna leagan síos in Airteagal (2) 4 (1) nó iadsan dá dtagraítear in Airteagal 5 (1), nó

(b) má chuir an sealbhóir faisnéis mhícheart ar fáil maidir leis na sonraí arna n-éileamh i dtaca le ceadúnas Comhphobail le haghaidh fianú tiománaí.

---

| ↓ 484/2002 Airt. 1.8 |
|---|

↓ 3118/93 – 484/2002 (oiriúnaithe)

## Caibidil III: Cabatáiste

↓ 484/2002 Airt. 2.1 (oiriúnaithe)

*Airteagal 8*
*Prionsabal*

1. Beidh aon tharlóir ar fruiliú nó ar luaíocht, ar sealbhóir ceadúnais Comhphobail é agus a bhfuil fianú tiománaí ag a thiománaí más náisiúnach tríú tír an té sin, i dteideal, faoi na coinníollacha arna leagan síos sa Chaibidil seo, oibríochtaí cabatáiste a dhéanamh.

⇩ nua

2. Beidh sé ceadaithe do tharlóirí dá dtagraítear i mír 1 suas le trí oibríocht chabatáiste a dhéanamh leis an bhfeithicil céanna i ndiaidh iompair idirnáisiúnta ó Bhallstát eile nó ó thríú tír go dtí an Ballstát ósta ach na hearraí arna n-iompar i gcúrsa an iompair idirnáisiúnta bheith seachadta. Caithfidh gur laistigh de sheacht lá ón bhfolmhú deireanach sa Bhallstát ósta i gcúrsa an iompair idirnáisiúnta isteach a tharlaíonn an folmhú deireanach lastais roimh fhágáil an Bhallstáit ósta i gcúrsa oibríocht chabatáiste.

3. Ní mheastar seirbhísí tarlaithe bóthair náisiúnta arna ndéanamh sa Bhallstát ósta ag tarlóir neamhchónaitheach a bheith i gcomhréir leis an Rialachán seo ach amháin má tá an tarlóir in ann fianaise shoiléir a thabhairt faoin iompar idirnáisiúnta ar tháinig sé chomh fada leis an mBallstát ósta ina chúrsa agus faoi gach oibríocht chabatáiste ina dhiaidh sin arna cur i gcrích sa Bhallstát ósta.

Le haghaidh gach oibríochta, beidh na sonraí seo a leanas ar a laghad i gceist le fianaise den sórt sin:

(a) ainm, seoladh agus síniú an tseoltóra;

(b) ainm, seoladh agus síniú an tarlóra;

(c) ainm agus seoladh an choinsíní chomh maith lena shíniú agus dáta an tseachadta má tá na hearraí seachadta;

(d) áit agus dáta a gabhadh seilbh ar na hearraí agus an áit a bhí sainithe le haghaidh an tseachadta;

(e) an cur síos sa teanga coitianta ar chineál na n-earraí agus ar mhodh a bpacála, agus i gcás earraí contúirteacha, an cur síos a bhfuil seanaithne air chomh maith le huimhir na bpacáistí agus na marcanna agus na huimhreacha speisialta a ghabhann leo;

(f) ollmheáchan na n-earraí nó bealach ar bith eile lena gcainníocht a chur in iúl;

(g) uimhreacha phlátaí na mótarfheithicle agus an leantóra.

Féadfar litir choinsíneachta nó aon doiciméad iompair eile a úsáid chun na críche seo.

↓ 3118/93 (oiriúnaithe)

4. Ceadaítear d’aon tarlóir atá i dteideal i mBallstát na bunaíochta, de réir reachtaíocht an Bhallstáit sin, na hoibríochtaí tarlú bóthair arna sonrú in Airteagal 1 (5), pointí (a), (b) agus (c) a dhéanamh ar fruiliú nó ar luaíocht, faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa Chaibidil seo, oibríochtaí cabatáiste den chineál céanna nó oibríochtaí cabatáiste le feithiclí sa chatagóir chéanna, de réir mar a bheidh, a chur i gcrích.

↓ 484/2002 Airt. 2.2 (oiriúnaithe)

↓ 3118/93 (oiriúnaithe)
⇨ nua

5. Ceadófar gan srian oibríochtaí cabatáiste faoi chuimsiú na gcineálacha iompair dá dtagraítear in Airteagal 1 (5) pointe (e).

6.Ceadaítear d'aon ghnóthas atá i dteideal sa Bhallstát bunaíochta, de réir reachtaíocht an Bhallstáit sin, oibríochtaí tarlaithe bóthair a dhéanamh ar a chuntas féin mar atá sainmhínithe in Airteagal 1 (5) pointe (d) oibríochtaí cabatáiste den chineál céanna nó oibríochtaí cabatáiste le feithiclí sa chatagóir chéanna a dhéanamh ar chuntas féin.

↓ 3118/93 (oiriúnaithe)

↓ 3315/94 Airt. 1.1

↓ 3118/93

↓ 3118/93

↓ 3118/93 Airt. 6 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 9*
*Rialacha atá infheidhme i leith oibríochtaí cabatáiste*

1. Beidh feidhmíocht oibríochtaí iompar cabatáiste, mura bhforáiltear dá mhalairt sa reachtaíocht Chomhphobail, faoi réir na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin atá i bhfeidhm sa Bhallstát ósta sna réimsí a leanas:

(a) coinníollacha a rialaíonn an conradh iompair;

(b) meáchain agus toisí feithiclí bóthair;

(c) ceanglais a bhaineann le hiompar catagóirí áirithe earraí, go háirithe earraí contúirteacha, bianna meatacha, ainmhithe beo;

(d) am oibre, am tiomána agus tréimhsí sosa;

(e) cáin bhreisluacha (CBL) ar sheirbhísí iompair.

Féadfaidh na meáchain agus na toisí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír dul thar na meáchain agus na toisí is infheidhme i mBallstát bunaíochta an tarlóra, más cuí, ach ní fhéadfaidh siad in imthosca ar bith dul thar na teorainneacha atá leagtha síos ag an mBallstát ósta le haghaidh tráchta náisiúnta ná dul thar na saintréithe teicniúla atá luaite sna cruthúnais dá dtagraítear in Airteagal 6 (1) de Threoir 96/53/CE[12] ón gComhairle.

2. Déanfar na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin dá dtagraítear i mír 1 a fheidhmiú maidir le tarlóirí neamhchónaitheacha faoi na coinníollacha céanna a fhorchuirtear ar náisiúnaigh an Bhallstáit féin, chun cosc a chur ar aon idirdhealú ar fhorais náisiúntachta nó áit bhunaíochta.

---

| |
|---|
| ➔ 3118/93 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

---

| |
|---|
| ➔ 881/92 Airt. 11 (1) (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

## Caibidil IV: Cúnamh frithpháirteach agus smachtbhannaí

*Airteagal 10*
*Cúnamh frithpháirteach*

Tabharfaidh na Ballstáit cúnamh frithpháirteach dá chéile chun feidhmiú agus faireachán an Rialacháin seo a chinntiú. Déanfaidh siad faisnéis a mhalartú trí mheán na bpointí teagmhála náisiúnta a bunaíodh de bhun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. xx/xxxx [lena mbunaítear comhrialacha maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair bóthair a chleachtadh].

---

| |
|---|
| ➔ 3118/93 Airt. 8 |

---

12 IO L 235, 17.9.1996, lch 59.

🡻 484/2002 Airt. 1.7 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 11*
*Smachtbhannaí i leith sáruithe ag Ballstát na bunaíochta*

1. I gcás sárú tromchúiseach nó sraith de mhionsáruithe ar reachtaíocht iompair bóthair an Chomhphobail arna ndéanamh nó arna bhfionnadh in aon Bhallstát, déanfaidh na húdaráis inniúla i mBallstát bunaíochta an tarlóra a mbeidh na sáruithe sin déanta aige rabhadh a eisiúint agus féadfaidh siad, *inter alia*, na smachtbhannaí riaracháin seo a leanas a fhorchur:

(a) na fíorchóipeanna deimhnithe go léir den cheadúnas Comhphobail nó cuid díobh a tharraingt siar go sealadach nó go buan;

(b) an ceadúnas Comhphobail a tharraingt siar go sealadach nó go buan.

Cinnfear na smachtbhannaí sin ag féachaint do thromchúiseacht na sáruithe agus do líon na mionsáruithe arna ndéanamh ag sealbhóir an cheadúnais Comhphobail agus ag féachaint do líon iomlán na bhfíorchóipeanna deimhnithe den cheadúnas sin atá á gcoinneáil aige i ndáil le trácht idirnáisiúnta.

2. I gcás sáruithe tromchúiseacha nó sraitheanna de mhionsáruithe i ndáil le haon mhí-úsáid fianuithe tiománaithe de chineál ar bith, forchuirfidh na húdaráis inniúla i mBallstát bunaíochta an tarlóra a bhfuil a leithéid de sháruithe déanta aige smachtbhannaí iomchuí, mar atá:

(a) eisiúint fianuithe tiománaithe a chur ar cheal,

(b) fianuithe tiománaithe a tharraingt siar,

(c) eisiúint fianuithe tiománaithe a chur faoi réir coinníollacha breise chun cosc a chur le mí-úsáid,

(d) fíorchóipeanna deimhnithe den cheadúnas Comhphobail a tharraingt siar go sealadach nó go páirteach,

(e) an ceadúnas Comhphobail a tharraingt siar go sealadach nó go buan.

Cinnfear na smachtbhannaí seo ag féachaint do thromchúiseacht an tsáraithe arna dhéanamh ag sealbhóir an cheadúnais Comhphobail.

🡻 881/92 (oiriúnaithe)
➔1 Ceartúchán, IO L 213, 29.7.1992, lch. 36
⇨ nua

3. Sa chás dá dtagraítear in Airteagal 12 (1), cinnfidh údaráis inniúla Bhallstát bunaíochta an tarlóra an bhforchuirfear smachtbhannaí ar an tarlóir lena mbaineann. A luaithe is indéanta agus ar a dhéanaí laistigh de thrí mhí ó eolas a fháil maidir leis an sárú, cuirfidh siad in iúl d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndearnadh na sáruithe a fhionnadh cé na smachtbhannaí dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a forchuireadh.

Mura rabhthas in ann na smachtbhannaí sin a fhorchur, luafar na cúiseanna.

---

| |
|---|
| 🡻 3118/93 Airt. 8 (4) (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

4.Cuirfidh na húdaráis inniúla aon smachtbhanna a forchuireadh sa Bhallstát inar fionnadh na sáruithe san áireamh agus cinnteoidh go mbeidh na smachtbhannaí arna bhforchur ar an tarlóir lena mbaineann i gcomhréir den chuid is mó leis an sárú nó leis na sáruithe ba chúis lena leithéidí de smachtbhannaí.

---

| |
|---|
| 🡻 3118/93 Airt. 8 (4) fomhír 3 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

---

| |
|---|
| 🡻 3118/93 Airt. 8 (4) fomhíreanna 4 agus 5 (oiriúnaithe) |

5. Ina theannta sin, féadfaidh údaráis inniúla Bhallstát bunaíochta an tarlóra, de bhun an dlí náisiúnta imeachtaí a thabhairt in aghaidh an tarlóra lena mbaineann os comhair cúirte inniúla nó binse inniúil náisiúnta. Cuirfidh siad in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit ósta na cinntí atá déanta chun na críche seo.

---

| |
|---|
| ⇩ nua |

6. Cinnteoidh Ballstáit go mbeidh de cheart ag na tarlóirí achomharc a dhéanamh in aghaidh aon smachtbhanna riaracháin a fhorchuirfear orthu de bhun an Airteagail seo.

---

| |
|---|
| 🡻 881/92 Airt. 9 (oiriúnaithe) |

---

| |
|---|
| 🡻 881/92 Airt. 9 (oiriúnaithe) |

---

| |
|---|
| 🡻 881/92 (oiriúnaithe)<br>➔1 Ceartúchán, IO L 213, 29.7.1992, lch. 36<br>⇨ nua |

*Airteagal 12*

*Smachtbhannaí i leith sáruithe ag Ballstáit ósta*

1. Má tá na húdaráis inniúla i mBallstát feasach faoi shárú tromchúiseach nó faoi shraith de mhionsáruithe ar an Rialachán seo nó ar reachtaíocht iompair bóthair is inchurtha i leith tarlóra ó Bhallstát eile, cuirfidh an Ballstáit a mbeidh an sárú arna fhionnadh laistigh dá

chríoch an t-eolas a leanas faoi bhráid na n-údarás inniúil sa Bhallstát ina bhfuil an tarlóir bunaithe a luaithe agus is féidir ach ar a dhéanaí mí amháin i ndiaidh eolas a fháil faoin sárú:

(a) cur síos ar an sárú agus dáta, am a dhéanta;

(b) catagóir, cineál agus tromchúiseacht an tsáraithe;

(c) na smachtbhannaí a forchuireadh agus na smachtbhannaí a cuireadh i ngníomh.

Féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit ósta a iarraidh ar údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an tarlóir bunaithe smachtbhannaí riaracháin a fhorchur de réir Airteagal 11.

---

🡻 3118/93 Airt. 8 (2) agus (3) (oiriúnaithe)
⇨ nua

2. Gan dochar d'aon ionchúiseamh coiriúil beidh sé de chumhacht ag údaráis inniúla an Bhallstáit ósta smachtbhannaí a fhorchur ar charraeir neamhchónaitheach a bhfuil sáruithe déanta aige ar an Rialachán seo nó ar reachtaíocht iompair bóthair náisiúnta nó Chomhphobail ina gcríoch féin le linn oibríocht chabatáiste. Is ar bhonn neamhidirdhealaitheach a ghearrfaidh siad a leithéid de phionóis. Féadfaidh na smachtbhannaí sin bheith, inter alia, i bhfoirm rabhaidh, nó, i gcás sárú tromchúiseach nó sraith de mhionsáruithe, i bhfoirm coisc ar iompar cabatáiste laistigh de chríoch an Bhallstáit ósta ina ndearnadh an sárú.

---

⇩ nua

3. Cinnteoidh Ballstáit go bhfuil de cheart ag na tarlóirí achomharc a dhéanamh in aghaidh aon smachtbhanna riaracháin a fhorchuirfear orthu de bhun an Airteagail seo.

---

🡻 3118/93 (oiriúnaithe)

---

⇩ nua

*Airteagal 13*
*Taifead sa chlár náisiúnta*

Cinnteoidh Ballstáit go ndéanfar sáruithe tromchúiseacha nó sraitheanna de mhionsáruithe ar reachtaíocht iompair bóthair an Chomhphobail a dhéanfaidh tarlóirí a bheidh bunaithe ar a gcríocha agus ba bhun le forchur smachtbhannaí i mBallstát ar bith mar aon leis na smachtbhannaí a fhorchuirfear a thaifeadadh i gclár náisiúnta na ngnóthas iompair bóthair arna bhunú faoi Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. [...] [*lena mbunaítear comhrialacha maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair bóthair a chleachtadh*]. Maidir leis na taifid sin sa chlár a bhaineann le tarraingt siar ceadúnais Comhphobail go sealadach nó go buan, fanfaidh siad sa bhunachar sonraí ar feadh dhá bhliain ar a laghad.

🡻 484/2002 Airt. 1.10 (oiriúnaithe)

# Caibidil V: Cur i ngníomh

🡻 3118/93 (oiriúnaithe)

⇩ nua

*Airteagal 14*
*Coiste*

1. Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún coiste arna bhunú le hAirteagal 18 (1) de Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85[13].

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a (1), (2), (3) agus (4) agus (5)(b), agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Mí amháin a bheidh sna tréimhsí ama atá leagtha síos in Airteagal 5a (3)(c), (4)(b) agus (4)(e) de Chinneadh 1999/468/CE.

*Airteagal 15*
*Smachtbhannaí*

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha maidir le smachtbhannaí a leagan síos agus a bheidh infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo, agus glacfaidh siad gach beart is gá chun a chinntiú go ndéantar na smachtbhannaí sin a chur chun feidhme. Beidh na smachtbhannaí a fhorchuirtear amhlaidh éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach. Déanfaidh Ballstáit na bearta is iomchuí a chur in iúl don Choimisiún faoi [*12 mhí ón dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm*] ar a dhéanaí agus cuirfidh siad aon leasuithe dá éis sin a dhéanfaidh difear dóibh in iúl.

Cinnteoidh na Ballstáit go ndéanfar na bearta sin go léir a chur chun feidhme gan idirdhealú a dhéanamh maidir le náisiúntacht nó áit bhunaíochta an tarlóra.

🡻 881/92 Airt. 10 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 16*
*Tuairisciú*

1. Faoi cheann 31 Eanáir gach bliain cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún líon na dtarlóirí a raibh ceadúnais Chomhphobail ina seilbh acu an 31 Nollaig an bhliain roimhe sin

[13] IO L 370, 31.12.1985, lch. 8.

agus líon na bhfíorchóipeanna deimhnithe a fhreagraíonn do na feithiclí a bhí i gcúrsaíocht ag an dáta sin.

2. Cuirfidh Ballstáit in iúl don Choimisiúin freisin líon na bhfianuithe arna n-eisiúint chuig tiománaithe sa bhliain féilire roimhe sin maille le líon na bhfianuithe sin a bhí i gcúrsaíocht ar 31 Nollaig na bliana sin.

---

🡻 881/92 (oiriúnaithe)

---

🡻 3118/93 Airt. 11 agus 12

---

🡻

# Caibidil VI

# Forálacha deiridh

*Airteagal 17*
*Aisghairmeacha*

Tá Rialacháin (CEE) Uimh. 881/92 agus (CEE) Uimh. 3118/93 agus Treoir 2006/94/CE aisghairthe.

Déanfar tagairtí do na Rialacháin agus don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad de réir an tábla chomhghaolmhaireachta in Iarscríbhinn III.

*Airteagal 18*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm ar an bhfichiú lá i ndiaidh a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ó [dáta chur i bhfeidhm].

---

🡻 881/92, 3118/93

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, [...]

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
*[...]*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
*[...]*

➔ 881/92 Iarscríbhinn I (oiriúnaithe)
➔1 Ionstraim Aontachais 2003
➔2 1791/2006 Iarscríbhinn pointe 6(B)(2)
➔3 Ionstraim Aontachais na hOstaire, na Sualainne agus na Fionlainne Airt. 29 agus Iarscríbhinn I, lch. 166
⇨ nua

# IARSCRÍBHINN I

AN COMHPHOBAL EORPACH

(a)

(Dath bánghorm – formáid DIN A4; páipéar sintéiseach, 150g/m$^2$ nó níos mó)

(Céad leathanach an cheadúnais)

(Téacs i dteanga oifigiúil nó i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit atá ag eisiúint an cheadúnais)

Stát a eisíonn an ceadúnas

Sainchomhartha[(1)] Ainm an údaráis nó an chomhlachta inniúil

CEADÚNAS Uimh.

FÍORCHÓIP DHEIMHNITHE Uimh.

le haghaidh iompair idirnáisiúnta earraí de bhóthar ar fruiliú nó ar luaíocht

Tá sé de cheart de réir an cheadúnais seo ag[(2)] ..........................................................................................................

..........................................................................................................................................................

gabháil d'iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar ar fruiliú nó ar luaíocht de bhealach ar bith, le haghaidh turas nó le haghaidh codanna de thuras a dhéantar ar fruiliú nó ar luaíocht laistigh de chríoch an Chomhphobail, faoi mar atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhrialacha le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar[(3)] agus faoi réir choinníollacha ginearálta an cheadúnais seo.

Nótaí sonracha: ..................................................................................................................................

Beidh an ceadúnas seo bailí ó .................................................. go ..........................................................................

Eisithe i ........................................................................, an ......................................................................................

[4] Síniú agus stampa an údaráis nó an chomhlachta inniúil eisiúna

---

(1) Seo comharthaí sonracha na mBallstát: (B) An Bheilg, (BG) An Bhulgáir, (CZ) Poblacht na Seice, (DK) An Danmhairg, (D) An Ghearmáin, (EST) An Eastóin, (IRL) Éire, (GR) An Ghréig, (E) An Spáinn, (F) An Fhrainc, (I) An Iodáil, (CY) An Chipir, (LV) An Laitvia, (LT) An Liotuáin, (L) Lucsamburg, (H) An Ungáir, (MT) Málta, (NL) An Ísiltír, (A) An Ostair, (PL) An Pholainn, (P) An Phortaingéil, (RO) An Rómáin, (SLO) An tSlóivéin, (SK) An tSlóvaic, (FIN) An Fhionlainn, (S) An tSualainn, (UK) An Ríocht Aontaithe.

(2) Ainm nó seoladh gnó agus seoladh iomlán an tarlóra.

(3) Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo.

(4) Féach ar leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo.

(b)

(DARA LEATHANACH AN CHEADÚNAIS)

(Téacs i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit atá ag eisiúint an cheadúnais)

**FORÁLACHA GINEARÁLTA**

Eisítear an ceadúnas seo faoi Rialachán (CE) Uimh. [an Rialacháin seo].

Tugann sé an ceart don sealbhóir gabháil d'iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar ar fruiliú nó ar luaíocht de bhealach ar bith, le haghaidh turas nó le haghaidh codanna de thuras a dhéantar laistigh de chríoch an Chomhphobail, agus más iomchuí, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos anseo:

– má tá an pointe tosaigh agus an pointe is ceann scríbe suite in dhá Bhallstát éagsúla, le hidirthuras nó gan idirthuras trí Bhallstát nó trí thríú tír amháin nó níos mó,

– ó Bhallstát chuig tríú tír ná vice versa le hidirthuras nó gan idirthuras trí cheann nó níos mó de Bhallstáit nó de thríú tíortha,

– idir tríú tíortha le hidirthuras trí chríoch Bhallstáit amháin nó níos mó,

agus turais neamhualaithe i ndáil le hiompar dá leithéid.

I gcás iompair ó Bhallstát chuig tríú tír nó vice versa, beidh feidhm ag an gceadúnas seo i leith na coda sin den turas a dhéanfar ar chríoch an Chomhphobail. Ní bheidh bailíocht leis i mBallstát an luchtaithe agus an fholmhaithe ach amháin nuair atá an comhaontú is riachtanach idir an Comhphobal agus an tríú tír atá i gceist curtha i gcrích de réir Rialachán (CE) Uimh. [...] *[an Rialachán seo]*.

Is rud pearsanta a bhaineann leis an sealbhóir an ceadúnas agus níl sé inaistrithe.

Féadfaidh údarás inniúil Bhallstát a eisiúna é a tharraingt siar go háirithe:

– murar chomhlíon an sealbhóir na coinníollacha uile le haghaidh úsáid an cheadúnais,

– má thug an sealbhóir eolas mícheart i dtaca leis na sonraí a theastaíonn le haghaidh eisiúint an cheadúnais nó chun síneadh a chur leis.

Caithfidh an gnóthas bunchóip an cheadúnais a choinneáil.

Ní mór cóip dheimhnithe den cheadúnas a choinneáil san fheithicil(1). I gcás cónasc feithiclí cúpláilte ní mór go mbeidh sé ag gabháil leis an mótarfheithicil. Clúdaíonn sé an cónasc feithiclí cúpláilte fiú mura bhfuil an leantóir nó an leathleantóir gan bheith cláraithe nó gan bheith údaraithe chun na bóithre a úsáid in ainm shealbhóir an cheadúnais nó má tá sé cláraithe nó údaraithe chun na bóithre i mBallstát eile a úsáid.

Ní mór an ceadúnas a thabhairt ar aird aon uair a cheanglóidh oifigeach cigireachta údaraithe déanamh amhlaidh.

Laistigh de chríoch gach Ballstáit ní mór don sealbhóir cloí leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin atá i bhfeidhm sa Stát sin, go háirithe maidir le hiompar agus le trácht.

---

(1) 'Ciallaíonn 'feithicil' mótarfheithicil arna clárú sa Bhallstát nó cónasc feithiclí cúpláilte, dá bhfuil an mhótarfheithicil féin ar a laghad cláraithe i mBallstát agus a mbaintear úsáid aisti go heisiatach le haghaidh iompair earraí.'

🡻 881/92 (oiriúnaithe)

▼ 484/2002 Iarscríbhinn (oiriúnaithe)
➔1 Ionstraim Aontachais na hOstaire, na Sualainne agus na Fionlainne Airt. 29 agus Iarscríbhinn I, lch. 166
➔2 Ionstraim Aontachais 2003
➔3 1791/2006 Iarscríbhinn pointe 6(B)(2)

# IARSCRÍBHINN II

AN COMHPHOBAL EORPACH

(a)

(Dath bándearg – formáid DIN A4; páipéar sintéiseach, 150g/m$^2$ nó níos mó)

(Céad leathanach an fhianaithe )

(Téacs i dteanga oifigiúil nó i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit atá ag eisiúint an fhianaithe)

| Sainchomhartha an Bhallstáit[1] atá ag eisiúint an fhianaithe | Ainm an údaráis nó an chomhlachta inniúil |
|---|---|

**FIANÚ TIOMÁNAÍ UIMH……**
**le haghaidh iompair earraí ar fruiliú nó ar luaíocht faoi cheadúnas Chomhphobail**

(Rialachán (CE) Uimh. [...] *[an Rialachán seo]*)

Deimhníonn an fianú seo ar bhonn na ndoiciméad arna gcur i láthair ag:[2] …………………………………………………
………………………………...........................................................………..…………………………………………

Go bhfuil an tiománaí a leanas:

Sloinne agus ainm ……………………………………………………………………………………………….......

Dáta breithe agus áit bhreithe ……………………...…………………. Náisiúntacht ………………………………...…

Cineál agus uimhir thagartha pháipéar aitheantais ……………………………………………………………………….

Dáta eisiúna ………………………………………...…………….. Áit eisiúna ……………………………….........

Uimhir an cheadúnais tiomána ...…………………………………………………………………………………………

Dáta eisiúna …………………………………..…………………….. Áit eisiúna .......……………………………………..

Uimhir Shlándála Sóisialta …………………………………………………………………………………………

fostaithe, de réir na ndlíthe, na rialachán nó na bhforálacha riaracháin agus mar is iomchuí, de réir na gcomhaontuithe comhchoiteanna, de réir na rialacha atá infheidhme sa Bhallstát a leanas faoi na coinníollacha fostaíochta agus oiliúna gairmiúla tiománaithe atá infheidhme sa Bhallstát sin chun oibríochtaí iompair bóthair a chur i gcrích sa Stát sin:
……………………………………...……………………………………………………………………………………..[3]

Nótaí sonracha ........………………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………………………………….

Beidh an fianú seo bailí ó ……………………………….. go ................……………………………………………………...

Eisithe i ..........................................., an .................................................

………………..………………………………[4]

---

(1) Seo comharthaí sonracha na mBallstát: (B) An Bheilg, (BG) An Bhulgáir, (CZ) Poblacht na Seice, (DK) An Danmhairg, (D) An Ghearmáin, (EST) An Eastóin, (IRL) Éire, (GR) An Ghréig, (E) An Spáinn, (F) An Fhrainc, (I) An Iodáil, (CY) An Chipir, (LV) An Laitvia, (LT) An Liotuáin, (L) Lucsamburg, (H) An Ungáir, (MT) Málta, (NL) An Ísiltír, (A) An Ostair, (PL) An Pholainn, (P) An Phortaingéil, (RO) An Rómáin, (SLO) An tSlóivéin, (SK) An tSlóvaic, (FIN) An Fhionlainn, (S) An tSualainn, (UK) An Ríocht Aontaithe.

(2) Ainm nó ainm gnó agus seoladh iomlán an tarlóra

(3) Ainm Bhallstát bunaíochta an tarlóra

(4) Síniú agus stampa an údaráis nó an chomhlachta inniúil eisiúna

(Dara leathanach an fhianaithe)

(Téacs i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit atá ag eisiúint an fhianaithe)

**FORÁLACHA GINEARÁLTA**

Tá an fianú seo eisithe faoi Rialachán (CE) Uimh. [...] an [dáta] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle faoi rialacha coitianta maidir rochtain ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar.

Deimhníonn sé go bhfuil an tiománaí arna ainmniú ann fostaithe, de réir na ndlíthe, na rialachán nó na bhforálacha riaracháin agus mar is iomchuí, de réir na gcomhaontuithe tiomsaitheacha, de réir na rialacha atá infheidhme sa Bhallstát atá luaite san fhianú, faoi na coinníollacha fostaíochta agus oiliúna gairmiúla tiománaithe atá infheidhme sa Bhallstát sin chun oibríochtaí iompair de bhóthar a chur i gcrích sa Stát sin.

Beidh an fianú faoi úinéireacht an tarlóra, a chuireann ar láimh an tiománaithe atá ainmnithe ann é nuair a thiomáineann an tiománaí sin, le linn dó úsáid a bhaint as ceadúnas Comhphobail arna eisiúint don tarlóir sin, feithicil(1) a bhíonn i mbun iompair. Beidh fianú tiománaí inaistrithe. Ní bheidh fianú tiománaí bailí ach chomh fada is a bheidh na coinníollacha faoinar eisíodh é fós comhlíonta agus ní mór don tarlóir é a thabhairt ar ais láithreach do na húdaráis eisiúna mura bhfuiltear ag comhlíonadh na coinníollacha sin níos mó.

Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit a d’eisigh é é a tharraingt siar, go háirithe:

– Murar chomhlíon an sealbhóir na coinníollacha uile le haghaidh úsáid an cheadúnais
– Má thug an sealbhóir eolas mícheart i dtaca leis na sonraí a theastaigh le haghaidh eisiúint an cheadúnais nó chun síneadh a chur leis
– Caithfidh an gnóthas tarlaithe fíorchóip deimhnithe den fhianú a choinneáil.
– Ní mór bunchóip an fhianaithe a choinneáil san fheithicil agus ní mór don tiománaí é a thabhairt ar aird nuair a bhíonn sé at teastáil ó oifigeach údaraithe cigireachta.

---

(1) Ciallaíonn “feithicil” mótarfheithicil arna clárú sa Bhallstát nó cónasc feithiclí cúpláilte a bhaintear úsáid as go heisiatach le haghaidh iompar earraí agus a bhfuil an chuid is mótarfheithicil de ar a laghad cláraithe i mBallstát.

⇧

# IARSCRÍBHINN III

## TÁBLA COMHRÉIREACH

| Rialachán 881/92 | Rialachán 3118/93 | Treoir 2006/94 | An Rialachán seo |
|---|---|---|---|
| Airteagal 1 (1) | | | Airteagal 1 (1) |
| Airteagal 1 (2) | | | Airteagal 1 (2) |
| Airteagal 1 (3) | | | Airteagal 1 (3) |
| | | | Airteagal 1 (4) nua |
| | | Airteagal 1 (1), 1 (2), Iarscríbhinn I; Airteagal 2 | Airteagal 1 (5) |
| | | Airteagal 2 | Airteagal 1 (6) |
| Airteagal 2 | | | Airteagal 2 arna leasú |
| Airteagal 3 (1) | | | Airteagal 3 |
| Airteagal 3 (2) | | | Airteagal 4 (1) arna leasú |
| Airteagal 3 (3) | | | Airteagal 5 (1) arna leasú |
| Airteagal 4 | | | - |
| Airteagal 5 (1) | | | Airteagal 4 (2) arna leasú |
| Airteagal 5 (2) | | | Airteagal 4 (3) arna leasú |
| Airteagal 5 (3) | | | Airteagal 4 (4) arna leasú |
| | | | Airteagal 4 (5) nua |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Airteagal 5 (4), Iarscríbhinn I 2ú leathanach, 7ú mír, 2ú and 3ú habairt | | | Airteagal 4 (6) arna leasú |
| Airteagal 5 (5) | | | Airteagal 4 (2) |
| Airteagal 6 (1) | | | Airteagal 5 (2) arna leasú |
| Airteagal 6 (2) | | | Airteagal 5 (2) arna leasú |
| Airteagal 6 (3) | | | Airteagal 5 (3) arna leasú |
| Airteagal 6 (4) | | | Airteagal 5 (4) |
| Airteagal 6 (5) | | | Airteagal 5 (5) |
| Airteagal 7 | | | Airteagal 6 |
| Airteagal 8 (1) | | | Airteagal 7 (1) |
| Airteagal 8 (2) | | | Airteagal 7 (2) |
| Airteagal 8 (3) | | | Airteagal 11 (1) arna leasú |
| Airteagal 8 (4) | | | Airteagal 11 (2) |
| Airteagal 9 (1) | | | Airteagal 11 (6) arna leasú |
| Airteagal 9 (2) | | | Airteagal 11 (6) arna leasú |
| | Airteagal 1 (1) | | Airteagal 8 (1) |
| | - | | Airteagal 8 (2) |
| | - | | Airteagal 8 (3) |
| | Airteagal 1 (2) | | Airteagal 8 (4) |
| | Airteagal 1 (3) | | Airteagal 8 (5) |
| | Airteagal 1 (4) | | Airteagal 8 (6) |
| | | | Airteagal 8 (7) nua |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Airteagal 2 | | - |
| | Airteagal 3 | | - |
| | Airteagal 4 | | - |
| | Airteagal 5 | | - |
| | Airteagal 6 (1) | | Airteagal 9 (1) arna leasú |
| | Airteagal 6 (2) | | - |
| | Airteagal 6 (3) | | Airteagal 9 (2) |
| | Airteagal 6 (4) | | - |
| | Airteagal 7 | | - |
| Airteagal 10 | | | Airteagal 16 (1) arna leasú |
| Airteagal 11 (1) | | | Airteagal 10 arna leasú |
| Airteagal 11 (2) | | | Airteagal 12 (1) arna leasú |
| Airteagal 11 (3) | | | Airteagal 11 (3) arna leasú |
| Airteagal 11a | | | - |
| | Airteagal 8 (1) | | Airteagal 10 arna leasú |
| | Airteagal 8 (2) | | Airteagal 12 (2) arna leasú |
| | Airteagal 8 (3) | | Airteagal 12 (2) arna leasú |
| | Airteagal 8 (4) fomhíreanna 1 agus 3 | | - |
| | Airteagal 8 (4) fomhír 2 | | Airteagal 11 (4) arna leasú |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Airteagal 8 (4) fomhíreanna 4 agus 5 | | Airteagal 11 (5) arna leasú |
| | Airteagal 9 | | Airteagal 12 (3) arna leasú |
| Airteagal 12 | | | Airteagal 17 |
| Airteagal 13 | | | - |
| Airteagal 14 | Airteagal 10 | | - |
| | Airteagal 11 | | - |
| Airteagal 15 | Airteagal 12 | | Airteagal 18 |
| | | Airteagal 3 | - |
| | | Airteagal 4 | - |
| | | Airteagal 5 | - |
| | | Iarscríbhinn II, III | - |
| Iarscríbhinn I | | | Iarscríbhinn I |
| Iarscríbhinn II | | | Airteagal 1 (5) |
| Iarscríbhinn III | | | Iarscríbhinn II |
| | Iarscríbhinn I | | - |
| | Iarscríbhinn II | | - |
| | Iarscríbhinn III | | - |
| | Iarscríbhinn IV | | - |